2018. M28T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018

# Matamaitic

## Páipéar 2

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain, 11 Meitheamh – Maidin, 9:30 go dtí 12:00

300 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Ceist | Marc |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| Móriomlán | |

| Iomlán reatha | |
|---|---|

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Coincheapa agus Scileanna | 150 marc | 6 cheist |
| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc | 3 cheist |

Freagair na naoi gceist go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta san áireamh i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtaispeánann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

| **Roinn A** | **Coincheapa agus Scileanna** | **150 marc** |
|---|---|---|

Freagair **na sé cheist go** léir as an roinn seo.

**Ceist 1** **(25 marc)**

**(a)** Is éard atá i dturgnamh ná dhá dhísle shéshleasacha, chaighdeánacha, chóra a chaitheamh agus suim an dá uimhir a chaitear a bhreacadh síos.
Taispeántar roinnt de na hiomláin sa tábla.

**(i)** Comhlánaigh an tábla.

**(ii)** Faigh an dóchúlacht go bhfaighfear 7 **nó** 11 san iomlán.


| | | **Dísle 1** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| **Dísle 2** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| | 4 | 5 | 6 | | | 9 | 10 |
| | 5 | 6 | | 8 | 9 | | 11 |
| | 6 | | 8 | 9 | 10 | 11 | |

**(iii)** Faigh an dóchúlacht go bhfaighfear iomlán atá ina uimhir phríomha.

**(b)** Díolann dáileoir gluaisteán carranna Ford agus carranna Renault.
Tá 30 carr ar díol aige lá áirithe: 18 carr Ford agus 12 carr Renault.
Tá dath dearg ar 7 gcinn de na carranna Ford agus ar 4 cinn de na carranna Renault.
Roghnaítear ceann amháin de na 30 carr go randamach. Cad é an dóchúlacht go roghnaítear carr Ford **nó** carr **nach** bhfuil dearg?

**Ceist 2** **(25 marc)**

Is iad na pointí *P*(7, 10), *Q*(1, 2) agus *R*(11, 4) reanna an triantáin a thaispeántar.
Is é an pointe *U*(4, 6) lárphointe [*PQ*] agus is é *V* lárphointe [*PR*].




**(a)** Faigh comhordanáidí *V*.

**(b)** Bain úsáid as fánaí agus taispeáin go bhfuil *UV* comhthreomhar le *QR*.

**(c)** Faigh achar an triantáin *PQR*.

**(d)** Is é pointe $S$ íomhá phointe *Q* faoin aistriú $\overrightarrow{UV}$.
Faigh comhordanáidí $S$.

**Ceist 3** **(25 marc)**


**(a)** **(i)** Faigh líon na n-eagar éagsúil is féidir a dhéanamh agus na litreacha **go léir** san fhocal CUIMHNE in úsáid. Ní úsáidtear aon litir ach uair amháin i ngach eagar díobh.

**(ii)** Faigh líon na n-eagar éagsúil a bhfuil 3 litir iontu is féidir a dhéanamh leis na litreacha san fhocal CUIMHNE. Ní úsáidtear aon litir níos mó ná uair amháin i ngach eagar díobh.

**(b)** Baineann úsáid as rothlóir ciorclach neamhlaofa i gcluiche ar a dtugtar *Cuimhne*.
Tá seacht dteascóg ar an rothlóir agus na dathanna dearg (D), oráiste (O), Buí (B), Uaithne (U), Gorm (G), Indeagó (I) agus Vialait (V) orthu mar a léirítear thíos.
Léiríonn an tábla thíos uillinn gach teascóige.
Léiríonn sé freisin an duais airgid a bhuann imreoir má stopann an rothlóir sa teascóg sin.

| Dath | Uillinn | Dóchúlacht | Duais |
|---|---|---|---|
| Dearg | 72° | | €20 |
| Oráiste | 30° | | €60 |
| Buí | 45° | $\frac{1}{8}$ | €24 |
| Uaithne | 90° | | €8 |
| Gorm | 60° | | €42 |
| Indeagó | 18° | | €90 |
| Vialait | 45° | | €48 |

Rothlóir




**(i)** Comhlánaigh an colún "Dóchúlacht" sa tábla a thaispeánann an dóchúlacht go stopfaidh an rothlóir in aon teascóg díobh tar éis rothlú amháin.


**(ii)** Faigh **luach ionchais** na duaise a bhuafadh duine a imríonn *Cuimhne*.



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4** **(25 marc)**

Is iad na pointí $A(1, 8)$ agus $B(9, 0)$ na foircinn ar thrastomhas den chiorcal $w$, mar a thaispeántar sa léaráid.




**(a)** Faigh comhordanáidí lárphointe $w$.


**(b)** Faigh fad gha $w$. Bíodh do fhreagra san fhoirm $p\sqrt{q}$, áit a bhfuil $p, q \in \mathbb{N}$.

**(c)** Uaidh sin, scríobh síos cothromóid an chiorcail $w$.

**(d)** Faigh cothromóid na líne atá ina tadhlaí leis an gciorcal $w$ ag $A$.
Bíodh do fhreagra san fhoirm $ax + by + c = 0$, áit a bhfuil $a, b$, agus $c \in \mathbb{Z}$.


**Ceist 5** **(25 marc)**

**(a)** Tá sleasa na cearnóige *ABCD* 7 cm ar fad.
Tá reanna na cearnóige *PQRS* suite ar imlíne *ABCD*, mar a thaispeántar sa léaráid, agus $|AQ| = 5$ cm.
Faigh achar na cearnóige *PQRS*.




**(b)** Seasann na ciorcail *u* agus *v* do dhá roth atá saor chun casadh timpeall ar a lárphointí féin.
Tá ga *u* 4 cm ar fad agus tá ga *v* 6 cm ar fad.

**(i)** Faigh fad na himlíne ar an **dá** chiorcal.
Bíodh na freagraí ina cm i dtéarma π.




| *u* | *v* |
|---|---|
| | |

**(ii)** Tá na rothaí *u* agus *v* i dteagmháil le chéile agus ní sciorrann siad. Dá bharr sin, nuair a bhíonn roth amháin díobh ag rothlú cuirtear an roth eile ag rothlú freisin.
Faigh líon na rothluithe iomlána a dhéanann roth *u* má dhéanann roth *v* 100 rothlú iomlán.




| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 6** **(25 marc)**

**(a)** **(i)** Tóg an triantán $ABC$, áit a bhfuil $|AB| = 10$ cm, $|\angle CAB| = 60°$ agus $|\angle ABC| = 40°$.
Cuir lipéad soiléir ar gach rinn.

**(ii)** Tomhais $|BC|$, agus bíodh do fhreagra ina cm, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

**(b)** Taispeánann an léaráid comhthreomharán leis na reanna *P*, *Q*, *R,* agus *S*.
$|\angle SPQ| = 115°$, $|\angle QRS| = \alpha°$ agus $|\angle RSP| = \beta°$ .




**(i)** Breac síos luach $\alpha$ agus luach $\beta$.

$\alpha =$ __________ $\beta =$ __________

**(ii)** Mínigh cén fáth a bhfuil an triantán *PQR* comhionann (iomchuí) leis an triantán *RSP*.
Tabhair cúis le haon ráiteas a dhéanann tú i do mhíniú.

## Roinn B — Comhthéacsanna agus Feidhmeanna — 150 marc

**Ceist 7** **(60 marc)**

Taispeánann an tábla thíos an bháisteach iomlán, ina milliméadair, agus taitneamh na gréine iomlán, ina uaireanta an chloig, i nDairbhre, Contae Chiarraí, i rith mhí an Mheithimh ó 2001 go dtí 2010.

| An bháisteach iomlán agus taitneamh na gréine iomlán i nDairbhre i mí an Mheithimh | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
| An Bháisteach Iomlán (mm) | 72 | 133 | 155 | 101 | 94 | 47 | 149 | 134 | 94 | 84 |
| Taitneamh na Gréine Iomlán (uaireanta) | 169 | 124 | 180 | 173 | 173 | 239 | 159 | 168 | 228 | 205 |

(Foinse: Met Éireann)

**(a)** Bunaithe ar na sonraí sa tábla thuas, scríobh síos:

**(i)** an raon de shonraí na báistí ______________

**(ii)** an bhliain ba mhó báisteach i mí an Mheithimh ______________

**(iii)** an bhliain ba lú taitneamh na gréine i mí an Mheithimh ______________

**(b)** Bunaithe ar na sonraí sa tábla thuas, scríobh síos an bliain ab fhearr aimsir i mí an Mheithimh agus tabhair cúis le do fhreagra.

Freagra:
Cúis:

**(c)** Scríobh **sonraí na báistí** in ord méadaitheach agus uaidh sin faigh airmheán na báistí.


**(d)** **(i)** Faigh meánlíon na n-uaireanta de **thaitneamh na gréine** i mí an Mheithimh i nDairbhre idir 2001 agus 2010.

**(ii)** Cad iad na blianta ina raibh **sonraí thaitneamh na gréine** laistigh de 5% den mheánlíon uaireanta de thaitneamh na gréine i nDairbhre?

**(e)** Faigh diall caighdeánach **shonraí na báistí**, ina mm, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

**(f)** Taispeántar thíos cuid de scaipghram de na sonraí sa tábla.
Tá na chéad cheithre phointe sonraí breactha.

**(i)** Críochnaigh an scaipghram.




**(ii)** Tá ceann de na huimhreacha sa tábla ar dheis ina chomhéifeacht an chomhchoibhnis sna sonraí thuas, ceart go dtí ionad deachúlach amháin. Bunaithe ar an scaipghram, roghnaigh an uimhir a thugann an léiriú is fearr ar na sonraí sa tábla, dar leat. Mínigh do fhreagra.

| | Cuir tic i mbosca amháin |
|---|---|
| $0{\cdot}6$ | |
| $0{\cdot}1$ | |
| $-0{\cdot}1$ | |
| $-0{\cdot}6$ | |


Míniú:



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 8** **(50 marc)**

Taispeánann an léaráid cuid de ghairdín atá roinnte ina thrí pháirt.
Sa léaráid: $|PR| = 3{\cdot}3$ m, $|PQ| = 6{\cdot}5$ m, $|QT| = |QS| = 8$ m,
$|\angle QRP| = 90°$, $|\angle PQR| = \alpha°$, agus $|\angle RQS| = \beta°$.




**(a)** Bain úsáid as Teoirim Phíotágaráis chun $|RQ|$ a fháil.

**(b)** Taispeáin go bhfuil $\alpha = 31°$ , ceart go dtí an chéim is gaire.

**(c)** Bain úsáid as an luach ar $\alpha$ a thugtar i bpáirt **(b)** chun luach $\beta$ a fháil.

$\beta =$

**(d)** Bain úsáid as Riail an Chomhshínis le fad [*RS*] a fháil.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an méadar is gaire.

**(e)** Tá *SQT* ina teascóg de chiorcal a bhfuil a lárphointe ag *Q*.
Faigh fad an stua *TS*.
Bíodh do fhreagra ina mhéadair, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

**(f)** Faigh achar na teascóige *SQT*.
Bíodh do fhreagra ina mhéadair cearnacha, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



| roimhe | lch | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

**Ceist 9** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Faigh an toirt i sféar soladach a bhfuil ga 0·3 cm aige.
Bíodh do fhreagra ina cm$^3$, ceart go dtí 3 ionad dheachúlacha.

**(ii)** Tá an sféar déanta as ór íon. 19·3 gram an meáchan atá i ngach cm$^3$ den ór íon.
Faigh líon na ngram d'ór íon atá sa sféar.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

**(iii)** Dé réir ár n-eolais, bíonn $6{\cdot}02 \times 10^{23}$ adamh go neasach i 197 gram d'ór íon.
Faigh líon na n-adamh d'ór íon atá sa sféar.
Bíodh do fhreagra san fhoirm $a \times 10^{n}$, áit a bhfuil $1 \leq a < 10, n \in \mathbb{N}$,
agus áit a bhfuil $a$ ceart go dtí 2 fhigiúr bhunúsacha.

**(b)** Rinneadh suirbhé ar son stáisiún teilifíse chun an taitneamh a bhain daoine as seó áirithe a fhiosrú.

**(i)** Rinneadh an suirbhé ar shampla randamach de 1560 duine a bhí ag breathnú ar an teilifís. Faigh lamháil earráide an tsuirbhé. Bíodh do fhreagra ina chéatadán, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

**(ii)** Sa suirbhé, dúirt 546 duine as an 1560 a ndearnadh suirbhé orthu gur thaitin an seó leo. Bain úsáid as do fhreagra ar pháirt **b(i)** thuas chun eatramh muiníne 95% a chruthú don chéatadán de na daoine ar thaitin an seó leo.

**(iii)** Bhí sé ráite ag feidhmeannach sa stáisiún teilifíse gur thaitin an seó le 40% de na daoine a bhí ag breathnú air. Bain úsáid as do fhreagra ar pháirt **b(ii)** thuas chun triail hipitéise a dhéanamh, ag leibhéal suntasachta 5%, ar an méid a bhí ráite ag an bhfeidhmeannach. Luaigh an hipitéis nialasach agus an hipitéis mhalartach atá agat, agus tabhair do chonclúid i gcomhthéacs na ceiste.



| roimhe | lch | reatha |
|---|---|---|
| | | |

An Ardteistiméireacht, 2018 – Gnáthleibhéal

# Matamaitic – Páipéar 2

Dé Luain, 11 Meitheamh
Maidin, 9:30 go dtí 12:00